

FÓGRA FOLÚNTAIS CHUN LIOSTA IONADAITHE A BHUNÚ

Teideal an poist	Oifigeach Forfheidhmithe (Saineolaí Póilíní)
Feidhmghrúpa/grád	AD 6
Cineál conartha	Gníomhaire Sealadach
Tagairt	EXT/22/111/AD6/Enforcement Officer (Police Expert)
Spriocdháta le haghaidh iarratas	08/12/2022 23:59 Am Alicante (ALE)
Áit fostaíochta	Alicante, AN SPÁINN
Liosta ionadaithe bailí go dtí an	31/12/2024
An líon iarrthóirí ar an liosta ionadaithe	5

Tá nós imeachta roghnúcháin á eagrú ag Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) chun liosta ionadaithe a bhunú óna líonfar folúntais mar **Oifigeach Forfheidhmithe (Saineolaí Póilíní)** sa Rannóg Réadlainne RRL). Is féidir go n-úsáidfear an liosta ionadaithe sin chun daoine a earcú chuig poist den chineál céanna i rannóga eile, ag brath ar na riachtanais atá ag EUIPO.

1. CÚLRA

1.1 EUIPO

[A bhúí leis an obair atá déanta aici le 25 bliana anuas](#) ar an Maoine Intleachtúil (IP), comhdhlúthaíodh stádas Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) mar ghníomhaireacht neamhspleách, fhéinmhaoinithe agus neamhbhrabúsach de chuid an Aontais Eorpaigh (AE) atá freagrach as trádmharcanna agus dearáí a chlárú in AE agus mar cheann de na heagraíochtaí is forbartha ó thaobh na teicneolaíochta de agus is nuálaí i réimse na Maoine Intleachtúla. Go deimhin, tá teicneolaíochtaí nua amhail an Intleacht Shaorga nó blocshlabhra leabaithe go hiomlán i gcleachtas EUIPO maidir lena thairiscint gnó uathúil agus dosháraithe a riar: trádmharcanna agus dearáí a chlárú agus a chosaint don Eoraip ar fad ar bhealach costéifeachtach, iontaofa agus tráthúil.

Tá glactha ag EUIPO go hiomlán leis na treochoaí nua Maoine Intleachtúla maidir le domhandú agus leis an tábhacht a bhaineann le forfheidhmiú, rud atá ag teacht chun cinn. Ó 2013 i leith, tá an Oifig freagrach as taighde, cumarsáid, comhroinnt eolais agus comhoibriú MI le húdarais forfheidhmithe, lena gcumhdaítear gach Ceart Maoine Intleachtúla, tríd an bhFaireachlann Eorpach um Shárúithe ar Chearta Maoine Intleachtúla (an Fhaireachlann).

Ní hamháin go bhfuil EUIPO ag feidhmiú san Eoraip, méadaíodh a achar chuig na cúig ilchríoch agus, mar shampla, tá tionscadail AE maidir le Maoine Intleachtúil á gcur chun feidhme aige sa tSín, san Áise Thoir Theas, i Meiriceá Laidineach, sa Mhuir Chairib agus san Afraic.

Tá suíomh iontach ag [EUIPO](#) cois farraige in Alicante i gcampas a osclaíodh go hoifigiúil le déanaí, áit a mbaineann baill foirne leas as áiseanna EUIPO (amhail seirbhísí miondíola, saoráidí spóirt,

etc.). Ina theannta sin, tá Scoil Eorpach in Alicante. Ó 2008 i leith, tá an Oifig tiomanta dá tionchar ar an gcomhshaol a laghdú trí thionscnaimh fhairsinge a chur chun feidhme. Tá a suíomh geografach in Alicante ceangailte go maith, agus naisc traenach ardluais ann le go leor áiteanna agus tá an 4^ú aerfort is mó sa tír ann.

Cuireann EUIPO meascán uathúil de dheiseanna gairmiúla agus de chaighdeán saoil ar fáil.

Is iad Béarla, Francis, Gearmáinis, Iodáilis agus Spáinnis teangacha oibre na hOifige.

Gheofar tuilleadh faisnéise ar an láithreán gréasáin seo a leanas:

<https://euipo.europa.eu/ohimportal/en/home>

1.2 RANNÓG RÉADLAINNE (RRL)

Tá Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) i gceannas ar na gníomhaíochtaí go léir a bhaineann leis an Réadlann Eorpach maidir le Sáruithe ar Chearta Maoine Intleachtúla (an Rannóg) mar a cuireadh de chúram Rialachán Uimh. 386/2012.

Áirítear leis an Rannóg, faoi fhreagracht Stiúrthóir na Rannóga, an Limistéar Oibríochtaí agus Tionscadail Rannóga faoi cheannas Leas-Stiúrthóir chomh maith leis an bPríomh-Eacnamaí, atá i gceannas ar gach gníomhaíocht a bhaineann le staidéir eacnamaíocha agus anailísí staitistiúla atá le comhlíonadh chun críocha na hOifige.

Cuimsíonn an Limistéar Oibríochtaí agus Tionscadail trí sheirbhís, an tSeirbhís Forfheidhmithe, Forrochtain agus Eolas ar Sheirbhís IP agus an IP sa tSeirbhís Dhomhanda Dhigiteach, gach ceann faoi cheannas Ceann Seirbhíse.

Tá an tSeirbhís Forfheidhmithe i gceannas ar na nithe seo a leanas:

- Comhoibriú le comhlachtaí forfheidhmithe an AE ag leibhéal AE agus náisiúnta (Europol, Eurojust, OLAF agus údarais forfheidhmithe náisiúnta, etc.);
- Eagrú dea-chleachtais agus oiliúna d'fhorfheidhmitheoirí an AE i réimse na coireachta IP;
- Anailís, staidéir agus tuarascálacha ar an Rannóg a bhaineann le forfheidhmiú IP a sheachadadh;
- Cur i bhfeidhm na dtionscadal uirlisí forfheidhmithe IP agus tacaíocht dá n-úsáid, go háirithe an Tairseach Forfheidhmithe IP;
- Na tionscadail a aithint agus a chur i bhfeidhm i réimse fhorfheidhmiú IP lena n-áirítear anailísí agus forbairtí a bhaineann le malartú sonraí;
- Ábhar oiliúna ar líne a chruthú agus bainistíocht uirlis an Ionaid Oiliúna Fíorúla ghaolmhar (VTC) faoin ardán ag Gníomhaireacht an AE um Oiliúint Forfheidhmithe Dí (CEPOL).

2. DUALGAIS

Faoi mhaoirseacht an Chinn Seirbhíse, beifear ag súil go mbeidh ar chumas an té a cheapfar ceann amháin nó níos mó de na tascanna seo a leanas a chur i gcrích:

- Cur leis na gníomhaíochtaí a thuairiscítear thuas in alt 1.2 i ngnéithe a bhaineann le fearann na bpóilíní;

- Gníomhaíochtaí agus tionscadail atá i gceist le gníomhaíochtaí agus tionscadail a mholadh agus a chur i bhfeidhm:
 - (a) feabhas a chur ar thuiscint údaráis náisiúnta agus AE (agus go háirithe póilíní) ar scóip agus ar thionchar sárúithe ar chearta maoine intleachtúla; agus
 - (b) tacú le forfheidhmiú cearta maoine intleachtúla, le fócas speisialta ar obair phóilíneachta;
- Cur le dearadh agus seachadadh seimineár agus seisiúin oiliúna chun saineolas na bpríomhpháirtithe leasmhara agus go háirithe póilíní agus imscrúdaitheoirí coiriúla a bhfuil baint acu le forfheidhmiú IP a fheabhsú;
- Comhoibriú i gcaidreamh a thógáil le húdaráis náisiúnta póilíní, údaráis forfheidhmithe eile, agus riaracháin atá ag obair i gcomhlachtaí IP agus i gcomhlachtaí ábhartha eile de chuid an AE (e.g., Europol, OLAF, etc.);
- Cur le cruthú agus athbhreithniú seimineáir ghréasáin agus ábhar ar líne don uirlis oiliúna ar líne, ar a dtugtar Ionad Oiliúna Fíorúla (IOF), a bhaineann go háirithe le himscrúduithe coiriúla;
- Dréachtuarascálacha agus doiciméid a bhaineann le forfheidhmiú IP de réir rialacha, nósanna imeachta agus caighdeáin cháilíochta EUIPO;
- Úsáid agus cur i bhfeidhm uirlisí Rannóga a chur chun cinn ag forfheidhmithe (póilíní go háirithe). Go coincreíte, cuir an [Tairseach Forfheidhmithe IP](#), chun cinn, agus comhoibríonn sé leis an nGrúpa Teicniúil um Fhorfheidhmiú IP agus Malartú Sonraí, i measc uirlisí eile.

Na dualgais is infheidhme maidir le gach ball foirne:

- Oibriú go gníomhach chun spriocanna EUIPO a bhaint amach i gcomhréir leis an bPlean Straitéiseach;
- Aon dualgais agus aon fhreagrachtaí eile a bhaineann leis an obair agus a shannfaidh an bainisteoir líne dóibh a chur i gcrích.

3. CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Chun go nglacfar iad isteach sa nós imeachta roghnúcháin seo, **ní mór d'iarrthóirí gach ceann** de na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh faoin spriocdháta le haghaidh iarratas a chur isteach:

3.1 Coinníollacha ginearálta¹

- **A bheith ina náisiúnach de chuid Ballstáit den Aontas Eorpach;**
- A bheith i dteideal a gceart iomlán mar shaoránaigh;
- Aon oibleagáidí faoi na dlíthe a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta acu;
- Na riachtanais ó thaobh carachtair a shásamh maidir lena oiriúnaí atá sí/sé chun na ndualgas lena mbaineann a chomhlíonadh;
- A bheith corpacmhainneach chun dualgais an phoist a chomhlíonadh.

3.2 Oideachas

- Leibhéal oideachais is comhionann le **staidéar ollscoile críochnaithe trí bliana ar a laghad** arna fhianú le dioplóma a bheith acu.

¹ Féach Airteagal 12 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh

3.3 Taithí ghairmiúil

- Bíodh ar a laghad acu **taithí ghairmiúil ábhartha lánaimseartha 3 bliana² mar phóilíní** ag leibhéal náisiúnta/réigiúnach i gceann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh.

3.4 Scileanna teanga

- **Eolas críochnúil** ar an **mBéarla** (leibhéal **C1** ar a laghad) – **Teanga 1**;
- **Eolas maith** ar **cheann amháin de theangacha oifigiúla AE** (leibhéal **B2** ar a laghad) – **Teanga 2³**.

Is maidir le gach cumas teangeolaíoch (labhairt, scríobh, léamh agus éisteacht) atá feidhm ag na leibhéil a luaitear, agus comhfhreagraíonn siad don [Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha](#).

3.5 Scileanna Ríomhaireachta

Tá ardinniúlacht ar ríomhairí éigeantach. Ní mór taithí ghairmiúil a bheith ag iarrthóirí le feidhmchláir Microsoft Office mar MS Word agus PowerPoint, agus innill chuardaigh Idirlín.

4. CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN

D'ainneoin na taithí riachtanaí a bhunaítear faoi phointe 3 den fhógra folúntais reatha (critéir incháilitheachta), go háirithe faoi phointe 3.3, úsáidfídh an Oifig na critéir seo a leanas chun na hiarrthóirí is mó cáilíocht a roghnú le haghaidh céim an agallaimh agus na trialach:

1. Taithí ghairmiúil i dtimpeallachtaí ilchultúrtha, a fuarthas ag leibhéal AE agus/nó idirnáisiúnta;
2. Nochtadh do líonraí agus tionscnaimh EUIPO, go háirithe, maidir le forfheidhmiú IP;
3. Eolas ar ionstraimí dlí a úsáideann na fórsaí póilíneachta ag leibhéal náisiúnta, AE, agus/nó idirnáisiúnta;
4. Taithí ar nósanna imeachta coiriúla a bhaineann le sáruithe maoinne intleachtúla agus uirlisí TF agus/nó bunachair sonraí a úsáidtear ag leibhéal náisiúnta, AE, agus/nó idirnáisiúnta;
5. Taithí oibre ag dréachtú tuarascálacha a bhaineann le himscrúdú coiriúil, nósanna imeachta agus/nó cleachtas.

I dteannta na gcritéir thuas, déanfar iarrthóirí dá dtabharfar cuireadh chuig céim an agallaimh agus na trialach a mheas in aghaidh na riachtanas seo a leanas freisin:

Inniúlachtaí

- **Cumarsáid:** cumarsáid a dhéanamh go soiléir agus go beacht ó bhéal agus i scríbhinn araon;
- **Anailís agus Réiteach Fadhanna:** an cumas chun na fíricí criticiúla i saincheisteanna casta a shainaithint agus chun réitigh chruthaitheacha agus phraiticiúla a fhorbairt ina leith;
- **Oibriú le Daoine Eile:** obair a dhéanamh i gcomhar le daoine eile i bhfoirne agus trasna teorainneacha eagrúcháin, agus urraim a léiriú do na difríochtaí atá ann idir daoine; meon dearfach foirne a chruthú trí spriocanna comhroinnte agus malartú eolais agus taithí a spreagadh;

² Déantar taithí ghairmiúil a chomhaireamh ó dháta fála an dioplóma a éilítear faoi phointe 3.2.

³ Ní mór nach ionann an teanga seo agus Teanga 1.

- **Foghlaim agus Forbairt:** scileanna pearsanta agus eolas ar an eagraíocht agus ar thimpeallacht na heagraíochta a fhorbairt agus a fheabhsú; gabháil orthu féin oiliúint a chur ar dhaoine eile, eolas a chomhroinnt agus modhanna oibre a fheabhsú go córasach;
- **Beartú Tosaíochta agus Eagrúchán:** an cumas chun tosaíocht a thabhairt do na cúraimí is tábhachtaí, a bheith ag obair ar bhealach solúbtha agus a n-ualach oibre féin agus ualach oibre daoine eile a eagrú go héifeachtúil;
- **Cáilíocht agus Torthaí:** freagracht phearsanta a ghlacadh as obair ar ardchaighdeán a chur i gcrích, as a stuaim féin agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos; díriú go soiléir ar an gcustaiméir (custaiméirí inmheánacha agus seachtracha araon); próisis chórasacha agus críochnúla a chur le tionscadail agus lena gcuid oibre féin agus le hobair a bhfoirne féin;
- **Athléimneacht:** a bheith in ann obair éifeachtach a dhéanamh faoi bhrú, a bheith solúbtha agus in ann oiriúnú do thimpeallacht oibre a bhíonn ag athrú; spreagadh a thabhairt do dhaoine eile déanamh amhlaidh agus a gcur chuige féin agus cur chuige na foirne a choigeartú chun déileáil le cúinsí a bhíonn ag athrú.
- **Ceannaireacht:** an acmhainneacht chun daoine agus foirne a threorú agus a bhainistiú ar mhaithe le torthaí a bhaint amach; cúraimí oibre a tharmligean go hiomchuí i measc a bhfoirne féin agus treoracha soiléire a sholáthar ina leith; daoine a spreagadh chun bheith díograiseach agus dearfach maidir lena gcuid oibre agus maidir leis an méid a chuireann siad le rath EUIPO.

5. AGALLAIMH AGUS TRIALACHA

Réamhroghnú

I gcás iarrthóirí inghlactha a bhfuil na hiarratais uathu ina measc siúd is fearr atá cáilithe i gcomhréir leis na critéir roghnúcháin atá sonraithe faoi phointe 4, féadfar dul i dteagmháil leo chun a gcuid scileanna teanga a fhíorú (go háirithe an Béarla labhartha), mar aon le fianaise a fháil ar an taithí ghairmiúil atá acu agus/nó scileanna, eolas agus inniúlachtaí eile. Ní fhágann an teagmháil réamhroghnúcháin sin go bhfuil iarrthóirí i dteideal cuireadh a fháil chun agallaimh agus trialach: is céim í sa phróiseas um chuireadh chun agallaimh a thabhairt do na hiarrthóirí is oiriúnaí chun na céime thuasluaite.

Agallamh

Déanfar na hagallaimh go fíorúil agus, de bharr chineál an phoist, is i mBéarla a dhéanfar iad. Is féidir go ndéanfar teangacha ábhartha eile a luaitear in iarratas/CV an iarrthóra a mheas de réir na leibhéal atá léirithe san fhógra folúntais seo.

Tástálfar san agallamh inspreagadh agus oiriúnacht an iarrthóra agus an t-eolas atá aige/aici ar ábhair a bhaineann leis na dualgais atá le comhlíonadh agus na critéir roghnúcháin a bhunaítear san fhógra folúntais (eolas teicniúil agus inniúlachtaí iompraíochta).

Iarrfar ar iarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh na teistiméireachtaí gairmiúla cuí a chur ar fáil sula bhfreastalóidh siad ar an agallamh.

Triail/trialacha

Úsáidfear triail amháin nó roinnt trialacha chun an measúnú ar cheann amháin de na gnéithe thuas nó roinnt díobh a chur i gcrích. Gheobhaidh iarrthóirí dá dtabharfar cuireadh chuig céim an agallaimh agus na trialach faisnéis mhionsonraithe sa chuireadh sin.

6. FAISNÉIS GHINEARÁLTA AGUS COINNÍOLLACHA FOSTAÍOCHTA

Chun faisnéis ghinearálta a fháil faoi na nósanna imeachta roghnúcháin agus earcaíochta in EUIPO, féach an [nasc](#) seo.

7. CONAS IARRATAS A DHÉANAMH

Chun iarratas a dhéanamh, cliceáil ar an [nasc](#) seo.

Na doiciméid go léir atá ar áireamh mar naisc nó a ndéantar tagairt dóibh laistigh de chomhthéacs an fhógra seo, meastar iad a bheith ina gcuid den fhógra folúntais reatha.

Tábhachtach:

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire gurb é atá san fhaisnéis arna cur ar fáil ina n-iarratas/CV/bpróifíl ná bonn an mheasúnaithe a dhéanfar ar na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin. Iarrtar orthu, dá bhrí sin, na riachtanais a léamh go cúramach agus an fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil le dóthain mionsonraí chun gur féidir an measúnú seo a dhéanamh. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar fhaisnéis faoina n-oideachas agus a dtaithí ghairmiúil, go háirithe dátaí cruinne, cur síos ar fhreagrachtaí, tascanna a comhlíonadh agus uirlisí a úsáideadh.

**Má tá neamhréir ann idir na leaganacha teangeolaíocha difriúla, ba cheart glacadh leis gurb é an leagan Béarla an leagan ceart.*